2025/1020

27.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1020 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2025

lena gcláraítear an tásc geografach 'Pérail' (TGFC) i gclár an Aontais um thásca geografacha de bhun Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50, mír 2, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), an t-iarratas a chuir an Fhrainc ar aghaidh ar chlárú an táisc gheografaigh 'Pérail', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, rinneadh é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90, mír 2, den Rialachán sin,

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an tásc geografach 'Pérail' a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha,

(4) I litir a fuarthas an 22 Nollaig 2023, chuir údaráis na Fraince an Coimisiún ar an eolas go raibh 'la Fromagerie de la Lémance', atá lonnaithe ag ZA du Haut Agenais 47500 MONTAYRAL (SIRET N 414 029 785 00022), a bunaíodh lasmuigh den limistéar geografach sainithe a shainítear leis an tsonraíocht, tar éis an táirge ar a bhfuil an ainmníocht tráchtála 'Pérail' a mhargú go dleathach tríd an ainmníocht sin á úsáid go leanúnach ar feadh níos mó ná 5 bliana, agus gur ardaíodh an pointe sin i gcomhthéacs an nós imeachta freasúra náisiúnta.

(5) Ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 20, mír 1, pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1143, coinníollacha is infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90, mír 2 den Rialachán sin, ba cheart idirthréimhse 5 bliana a dheonú chun gur féidir leis an ngnóthas lena mbaineann leanúint den ainm 'Pérail' a úsáid,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an tásc geografach 'Pérail' (TGFC) a chur isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).
([3]) IO C, C/2025/634, 29.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/634/oj.

Airteagal 2

Údaraítear do ‘la Fromagerie de la Lémance’ leanúint den ainm ‘Pérail’ a úsáid ar feadh idirthréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN